An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúcháin ar dhréachtsonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Le tabhairt faoi deara

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR ... 3

RÉAMHRÁ ... 4

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ... 6

Cur chuige i leith an chomhairliúcháin ... 6

Freagraí ar an gcomhairliúchán ... 7

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ... 8

Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht ... 8

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama ... 9

Gníomhaíocht choirp ... 10

Measúnú ... 11

Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil ... 12

CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL ... 12

Údair Mhachnaimh ... 12

Tátal ... 13

TAGAIRTÍ ... 13

AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE ... 14

# Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 2 i gcrích in 2025 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2026. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta i dTráinse 2.

Cuireadh dréachtsonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta idir an 24 Feabhra agus an 25 Aibreán 2025. Ba é aidhm an chomhairliúcháin réimse leathan dearcthaí a fháil ón bpobal agus ó réimse leathan páirtithe leasmhara maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta. Tacaíonn an t-aiseolas ón gcomhairliúchán leis an meitheal forbartha an tsonraíocht a thabhairt i gcrích.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Réasúnaíocht agus Aidhmeanna
- Príomhinniúlachtaí
- Struchtúr an chúrsa, snáitheanna agus torthaí foghlama, lena n-áirítear soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúcháin go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán. Moladh go mór an cur chuige a glacadh maidir le struchtúr agus eagrú na foghlama sa tsonraíocht.

Dearbhaíodh an Réasúnaíocht luaite, na hAidhmeanna luaite agus míniú breise na bpríomhinniúlachtaí don ábhar ach ní rabhthas cinnte maidir le cinntiú go bhfuil na haidhmeanna réalaíoch agus nach bhfuil siad ró-uaillmhianach. Cuireadh fáilte roimh na trí shnáithe staidéir agus measadh go raibh siad ábhartha agus fiúntach do na scoláirí. Tugadh an-tacaíocht don treoraíocht a tugadh sa cholún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' ach bhí imní ann maidir le hinbhainistitheacht na n-ionchas foghlama sa tsonraíocht.

Téama a chonacthas arís agus arís eile ná ról agus stádas na feidhmíochta sa churaclam. Ní rabhthas ar aon intinn maidir le ról Chorpoideachas na hArdteistiméireachta agus é ag tacú le feidhmíocht gníomhaíochtaí coirp, agus cé go bhfuil meas ar an bhfeidhmíocht i bprionsabal, bhí tuairimí éagsúla ann maidir leis an gcaoi a leabaítear sin sa teagasc agus san fhoghlaim.

Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an CMB molta, Tionscadal Corpoideachais, ar an mórgóir. Mar sin féin, d'iarr roinnt rannpháirtithe tuilleadh soiléireachta maidir le hamlínte agus ionchais.

Dúradh gur thacaíocht riachtanach é fáil ar acmhainní chun an curaclam a chur i bhfeidhm i gceart.

Tabharfar mionsonraí sna codanna seo a leanas den tuarascáil ar na pointí a tharraingítear anuas thuas. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin; leagtar amach i gCuid a Dó torthaí an chomhairliúcháin agus tugtar achoimre i gCuid a Trí ar na húdair mhachnaimh agus an tátal.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá forléargas ar an gcur chuige a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige i leith an chomhairliúcháin

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist i rith na tréimhse comhairliúcháin ocht seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCorpoideachas:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Imeacht comhairliúcháin phoiblí
- Cuairteanna scoile le fócasghrúpaí a rinneadh i dtrasghearradh scoileanna chun léargas a fháil ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó cheannairí scoile.

Roghnaigh na rannpháirtithe féin an suirbhé ar líne a fhreagairt, aighneacht scríofa a dhéanamh agus freastal ar an gcomhairliúchán poiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh trasghearradh scoileanna as measc an 38 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh i bhforbairtí ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir an 24 Feabhra agus an 25 Aibreán 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le scoláirí agus múinteoirí Chorpoideachas na hArdteistiméireachta agus le ceannairí scoile, mar a léirítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Coinníodh príobháideachas rannpháirtithe uile an chomhairliúcháin tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). I gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis na Seirbhíse Poiblí (2021), déanfar sonraí ón gcomhairliúchán seo a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile agus cuirfear iad ar fáil in éineacht leis an tuarascáil ar an suíomh gréasáin www.ncca.ie

Cuireadh an suirbhé ar líne ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus bhí gach rannpháirtí in ann a rogha teanga a phiocadh agus scaipeadh é ar MS Forms ar shuíomh gréasáin ncca.ie. Bhí an suirbhé dírithe ar na príomhréimsí fócais ar a dtugtar breac-chuntas sa réamhrá.

Dhírigh an t-imeacht comhairliúcháin phoiblí agus na cuairteanna scoile ar na réimsí fócais céanna a clúdaíodh sa suirbhé ar líne agus tugadh deiseanna chun na réimsí sin a fhiosrú agus a iniúchadh a thuilleadh le linn an chomhrá. Leis na fócasghrúpaí scoilbhunaithe, bhíothas in ann léargas níos

doimhne a fháil ar an dréachtsonraíocht ó scoláirí agus múinteoirí agus léargas a fháil ar dhearcthaí ceannairí scoile.

Bhí na haighneachtaí scríofa faoi stiúir na réimsí fócais céanna a bhí sa suirbhé ar líne, sna cuairteanna scoile agus fócasghrúpaí, agus leo sin bhíothas in ann réimsí spéise ar leith a bhaineann le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a fhiosrú.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bailíodh na freagraí ar fud na modhanna éagsúla rannpháirtíochta agus cuireadh deiseanna líonmhara ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail. Tugtar léargas i dTábla a hAon thíos ar leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin.

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí iar-bhunscoile, ceannairí scoile, oideoirí tríú leibhéal | 36 |
| Aighneachtaí scríofa | Féach Aguisín 1 | 3 |
| Imeacht comhairliúcháin phoiblí | Múinteoirí iar-bhunscoile, ceannairí scoile, oideoirí tríú leibhéal | 40 |
| Cuairteanna scoile | Múinteoirí iar-bhunscoile, ceannairí scoile, scoláirí sa tsraith shinsearach. | 81 |

Tábla 1 – Achoimre ar na modhanna comhairliúcháin

# Cuid 2: Aiseolas ón gComhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Díríodh sa chomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta agus is féidir na torthaí a chur ina ngrúpaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht lena n-áirítear an réasúnaíocht agus na haidhmeanna
- Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama
- Gníomhaíocht choirp
- Measúnú
- Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil.

Úsáidtear an fhaisnéis, a bailíodh ó na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh i rith an chomhairliúcháin, sa tráchtaireacht ar gach téama sa chuid seo.

Sa chuid seo den tuarascáil cuirtear réimsí eile i láthair freisin, réimsí nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt Chorpoideachas na hArdteistiméireachta.

## Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht

Ar an iomlán, d'fháiltigh rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin roimh dhréachtsonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, agus léiríodh dearcthaí dearfacha i leith na n-athruithe molta. Cuireadh fáilte roimh an gcur chuige ina mbeadh baint ag na scoláirí leis na torthaí foghlama uile agus lena gcinnteofaí go mbeidís in ann dul i ngleic le raon topaicí agus treochtaí ábhartha, reatha agus fiúntacha. Chonacthas do na rannpháirtithe go gcuireann na hathruithe molta ar chumas múinteoirí leas a bhaint as an méid atá ag tarlú i saol an chorpoideachais agus an spóirt faoi láthair, agus na nithe sin a chomhtháthú san fhoghlaim sa seomra ranga. Moladh ábharthacht na foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht, chomh maith leis an mbéim ar an ionchuimsitheacht, taitneamh, rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil agus cúrsaí eitice.

Cuireadh fáilte roimh an aitheantas ar an gcontanam feidhmíochta ón rannpháirtíocht ar mhaithe leis an taitneamh go dtí an fheidhmíocht iomaíoch. Chuir múinteoirí fáilte roimh an gcur chuige faoi stiúir na scoláirí, a dhíríonn ar fhorbairt an chorpoideachais chuimsithigh in ionad na scothfheidhmíochta. Luadh go raibh meas ar aitheantas chumas na scoláirí ar fud an chontanaim rannpháirtíochta agus go raibh meas agus tábhacht ag baint le haitheantas chumas na ndaoine óga sa spórt.

Bhí an-ghlacadh le struchtúr na sonraíochta agus cuireadh fáilte roimh chothromaíocht an lín torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe chomh maith, rud lena léirítear go gcuireann na snáitheanna staidéir uile go cothrom le tuiscint agus léirthuiscint fhoriomlán na scoláirí don ábhar. Cuireadh fáilte roimh chomhtháthú na bpríomhinniúlachtaí ar fud na dtorthaí foghlama agus

braitheadh gur éascaíodh leis sin a mbaint amach, agus níor measadh gur rud sa bhreis ar an bhfoghlaim a bhí i gceist.

Bhí an-ghlacadh le Réasúnaíocht agus Aidhmeanna na dréachtsonraíochta. D'aithin na rannpháirtithe go léirítear leo bunús an Chorpoideachais, go gcuimsítear leo feidhmíocht agus rannpháirtíocht gníomhaíochta coirp chomh maith le forbairt iomlánaíoch níos leithne na sláinte, na folláine agus rannpháirtíocht na scoláirí ar feadh an tsaoil sa ghníomhaíocht choirp. Bhíothas thar a bheith sásta maidir leis an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna toisc go n-aithnítear leo go bhfuil níos mó ná spórt ag baint leis an gCorpoideachas agus go bhfuil sé ábhartha do na scoláirí ar fad, ní do na lúthchleasaithe ardfheidhmíochta amháin.

Mar sin féin, bhí roinnt imní ann maidir lena dheacra a bheadh sé gnéithe praiticiúla agus teoiriciúla na dtorthaí foghlama a chomhtháthú agus cé gur fáiltíodh roimh an mbéim ar an rannpháirteachas i réimse leathan gníomhaíochtaí coirp, luadh an deacracht a bheadh ann maidir le cothromaíocht chuí a chinntiú idir an fhoghlaim bunaithe ar ghníomhaíocht choirp agus an fhoghlaim ag an deasc.

Bhíothas sásta go raibh sé ag teacht go soiléir leis an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, na snáitheanna agus na comhpháirteanna measúnaithe, agus gur thacaigh sé le hinniúlacht choirp na scoláirí. Luadh é sin freisin in aiseolas sonrach a fuarthas maidir leis na snáitheanna staidéir a phléifear thíos.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Bhí an-ghlacadh le struchtúr foriomlán na snáitheanna, agus chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an aistriú ón dá snáithe sa tsonraíocht reatha (2018) chuig trí shnáithe, agus baint na dtopaicí ordaithe sealaíochta (amhail Inscne agus gníomhaíocht choirp, agus Gníomhaíocht choirp agus ionchuimsiú) atá ann faoi láthair. Cuireadh fáilte roimh fhí na dtopaicí agus treochtaí reatha trí na torthaí foghlama, in ionad iad a bheith roghnach. Chuir rannpháirtithe in iúl gur chuir an ghné dhearfach sin ar a gcumas leas a bhaint as topaicí móra sna meáin agus sa phobal i gcoitinne mar chuid den teagasc agus foghlaim. Ar an mbealach sin, measadh gur thacaigh an struchtúr le rannpháirteachas na scoláirí agus na múinteoirí, agus gur chuir sé cur chuige cuimsitheach agus solúbtha ar fáil do phleanáil an churaclaim. Measadh gur thairg an struchtúr leasaithe sin dul chun cinn níos cothroime agus níos comhtháite trí réimsí foghlama, agus gur chabhraigh sé chun idirdhealú a dhéanamh idir forbairt scile, feidhmíocht choirp, agus tionchair shóisialta agus shíceolaíocha eile ar rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp. Chuir rannpháirtithe fáilte roimh an bhforbairt shoiléir ar an bhfoghlaim i gCorpoideachas na Sraithe Sóisearaí.

Moladh cuimsiú an cholúin 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' toisc go gcuireann sé comhthéacs agus tacaíocht chabhrach ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil le haghaidh na dtorthaí foghlama. Luaigh roinnt freagróirí an tsoiléireacht fheabhsaithe i ndáil leis na hionchais maidir leis an méid ba cheart do na scoláirí a foghlaim sa tsonraíocht. Mar sin féin, i gcodarsnacht leis sin, bhí imní ann maidir le hinbhainistitheacht na foghlama laistigh de 180 uair an chloig, an t-íosfhad ama a mholtar. Cé gur measadh go raibh an fhoghlaim a leagtar amach sna snáitheanna luachmhar, mhol na freagróirí go láidir go gcinnteofaí go mbeadh an tsonraíocht inbhainistithe faoin méid ama a leagtar síos di.

Tharraing na rannpháirtithe aird ar an gcomhleanúnachas is léir ar fud na sonraíochta agus d'athluaigh tábhacht leanúnach na Réasúnaíochta, na nAidhmeanna agus na bpríomhinniúlachtaí sna torthaí foghlama agus go raibh ailíniú idir an colún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' agus an colún 'Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí' ar fud na sonraíochta.

## Gníomhaíocht choirp

Bhí an-chuid le rá ag na rannpháirtithe maidir leis na réimsí gníomhaíochta coirp (Cluichí, Uiscíocht, Damhsa, srl.). Ar an iomlán, d'fháiltigh na rannpháirtithe roimh leanúnachas agus ailíniú na réimsí gníomhaíochta coirp leis an tsonraíocht atá ann faoi láthair. Chomh maith leis sin, d'fháiltigh siad roimh bhaint 'Aclaíocht agus Corpacmhainn Phearsanta (ACP)' mar réimse gníomhaíochta coirp neamhspleách agus d'aithin go bhfuil príomh-chomhpháirteanna ACP comhtháite anois ar fud na foghlama.

Mar sin féin, sonraítear sa dréachtsonraíocht nach mór do na scoláirí a bheith páirteach in '*cúig ghníomhaíocht choirp'.* Bhí mearbhall ann maidir leis an tagairt sin do chúig ghníomhaíocht choirp. Shíl roinnt rannpháirtithe go rabhthas ag súil go bhforbródh na scoláirí ardleibhéal feidhmíochta i gcúig ghníomhaíocht dhifriúla. Thug na rannpháirtithe le fios nach raibh sé soiléir gurbh é ba chuspóir don tagairt sin ná a chinntiú go dtugtar réimse eispéireas do na scoláirí i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla agus nár ghá ardleibhéal feidhmíochta a bheith i gceist. Dúirt rannpháirtithe go bhféadfaí brú iomarcach ar scoláirí agus múinteoirí dá mbeifí ag súil go mbeidís páirteach i gcúig ghníomhaíocht choirp. Tugtar le fios san aiseolas sin go bhfuil gá le treoraíocht níos soiléire maidir leis an ról agus na hionchais a bhaineann le gníomhaíocht choirp sa tsonraíocht, go háirithe i ndáil leis an líon gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh agus a mhéid ba cheart do na scoláirí a bheith páirteach iontu.

Bunaithe ar an aiseolas ón gcomhairliúchán, measadh go raibh gníomhaíocht choirp agus ról na feidhmíochta (.i. an deis a bheith ag duine óg a gcumas a thaispeáint) riachtanach agus gur ghnéithe luachmhara de dhréachtsonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta iad. D'fháiltigh na rannpháirtithe roimh an tagairt do rannpháirtíocht agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirteachas gníomhach i ngníomhaíochtaí coirp ar fud na sonraíochta. Mhol rannpháirtithe go láidir go mbeadh solúbthacht ag múinteoirí agus scoileanna laistigh den tsonraíocht chun gníomhaíochtaí coirp a chur in oiriúint lena chinntiú go bhféadfadh gach scoláire tairbhe a bhaint as eispéireas foghlama fiúntach sa chorpoideachas agus fáil a bheith acu air. Measadh go raibh fíorthábhacht ag baint le gníomhaíochtaí coirp.

Tharraing rannpháirtithe aird ar an tábhacht a bhaineann le rogha na scoláirí a chumasú chun rannpháirteachas a chothú agus chun a chinntiú go mbíonn an tsonraíocht a ionchuimsithí is féidir, agus luaigh gurb é liosta gníomhaíochtaí leathan solúbtha is fearr chun tacú le daonra scoláirí éagsúil. Mar sin féin, bhí imní ann maidir leis na deacrachtaí a bhaineann lena chinntiú go léirítear an fhoghlaim go fiúntach trí ghníomhaíocht scoilbhunaithe i rith an dá bhliain. Dúirt roinnt mhaith múinteoirí go raibh deacracht acu monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar scoláirí a bhraitheann go mór ar rannpháirtíocht chlub nó sheachtrach ina gcuid gníomhaíochtaí coirp, nach gá go mbeidís ag teacht go díreach le torthaí foghlama Chorpoideachas na hArdteistiméireachta. Luaigh na rannpháirtithe go mbíonn sé deacair ar na múinteoirí léargas ginearálta a bheith acu ar fhorbairt scileanna na scoláirí nuair a bhíonn siad ag plé go seasmhach le gníomhaíocht lasmuigh de shuíomh na scoile. Leagadh béim sa chomhairliúchán freisin ar an ngá le soiléireacht maidir leis an gcaoi ar cheart feidhmíocht a chomhtháthú sna heispéiris foghlama, lena chinntiú go léirítear léi

níos mó ná saothar seach-churaclaim. Ar fud an chomhairliúcháin, cé gur aithin rannpháirtithe gur gá scoláirí a spreagadh le tabhairt faoina rogha gníomhaíochta coirp go gníomhach agus cé go dtuigeann siad gur prionsabal tábhachtach d'oideachas na sraithe sinsearaí í rogha na scoláirí, thug siad aird ar an ngá leis sin a chothromú lena chinntiú go mbíonn fáil ag gach scoláire ar eispéiris foghlama chothroma bunaithe ar an gcuraclam, ar gá iad a bheith ina bpríomhchúinse de réir mar a thabharfaí an tsonraíocht isteach sna scoileanna.

## Measúnú

Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán maidir le measúnú, agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) go háirithe, an tacaíocht láidir do mheasúnú scileanna praiticiúla scoláirí agus imní maidir le cur i bhfeidhm, mar shampla, ionchais shoiléir, amanna agus fáil ar shaoráidí. D'fháiltigh roinnt mhaith rannpháirtithe roimh an CMB mar dheis fhiúntach do na scoláirí a gcuid foghlama a léiriú i gcomhthéacs, go háirithe le pleanáil, rannpháirteachas agus feidhmiú scileanna. Mar sin féin, bhí imní ann maidir le hionchais an CMB, lena n-áirítear an éiginnteacht maidir leis an bhformáid, ról na feidhmíochta agus an inbhainistitheacht.

Bhí meascán tuairimí ann maidir le comhpháirt feidhmíochta an CMB. Phléigh roinnt rannpháirtithe an deis do scoláirí a bheith páirteach sa chomhpháirt feidhmíochta lasmuigh den suíomh scoile. Mar sin féin, léiríodh imní bhailí sa phlé maidir leis an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí obair nach bhfaca siad iad féin a fhíordheimhniú. Tugtar le fios san aiseolas atá ag teacht ón gcomhairliúchán gur gá tuilleadh soiléireachta maidir le riachtanais an CMB a thabhairt sa tsonraíocht.

Dúirt múinteoirí go raibh imní orthu maidir le cothromas, go háirithe i gcás scoláirí a bhfuil fáil theoranta acu ar shaoráidí, trealamh agus cóitseáil sheachtrach.

Nocht rannpháirtithe tuairim maidir le comhpháirt feidhmíochta an CMB. Cé go raibh meas ar rogha na scoláirí agus go bhfuil sé tábhachtach ligean do na scoláirí a gcuid cumas a chur ar taispeáint, bhíothas ar aon tuairim ar an iomlán nach mór cothromaíocht a bhaint amach idir rogha na scoláirí agus cur chuige cothrom inbhainistithe maidir leis an bpleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú.

Bhí imní ar roinnt rannpháirtithe maidir leis an taobh praiticiúil den mheasúnú físeáin, lena n-áirítear ualach oibre, scileanna TFC riachtanacha agus impleachtaí maidir le cosaint sonraí. Luadh le linn an chomhairliúcháin an tábhacht a bhaineann le cinntiú go dtacaíonn treoir arna heisiúint ag CSS le heispéireas praiticiúil barántúil fiúntach. Leag rannpháirtithe béim ar an gcaoi a bhféadfadh an treoir réimsí fócais struchtúrtha, solúbthacht do scoileanna agus soiléireacht maidir le hionchais maidir le scoláirí a chur ar fáil. Thairis sin, leag rannpháirtithe béim ar an ngá le treoirlínte measúnaithe cuimsitheacha inrochtana. Ba cheart ionchais a shoiléiriú leo sin maidir le formáid na n-aighneachtaí chuig CSS (m.sh. aighneachtaí scríofa, físeáin, nó cumaiscthe), agus treoraíocht shoiléir i ndáil le hionchais a shainiú.

Cé go meastar gur gné luachmhar de churaclam Chorpoideachas na hArdteistiméireachta é an CMB, luaigh na rannpháirtithe go mbraitheann an rath ar sholáthar tacaíochta, go háirithe i ndáil le ceapadh na treorach agus na dtreoirlínte measúnaithe gaolmhara, nach mór a bheith soiléir do na múinteoirí. Beidh siad sin riachtanach chun leanúnachas a chinntiú, barántúlacht a chur chun cinn

agus é a chur ar chumas na scoláirí ar fad an fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta a léiriú.

### Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil

Sainaithníodh sa chomhairliúchán gá soiléir do thacaíocht chuimsitheach chun gur féidir sonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm go rathúil. Léirigh na rannpháirtithe tábhacht na foghlama gairmiúla múinteoirí a bheadh sonrach don ábhar, go háirithe i réimsí amhail measúnú. Luaigh na rannpháirtithe freisin gur cheart don fhoghlaim ghairmiúil díriú ar oideachas ionchuimsitheach agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí le hacmhainní chun é a chur ar chumas gach scoláire an t-ábhar a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as. Tarraingíodh aird ar an easpa saoráidí agus trealaimh i roinnt scoileanna, agus luadh gur bacainn é sin maidir leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm go cothrom. Anuas air sin, d'iarr na rannpháirtithe ábhair treoraíochta inrochtana mhionsonraithe, lena n-áirítear teimpléid phleanála agus soiléiriú maidir le hionchais i dtaobh measúnaithe. Measadh chomh maith go raibh gá le tacaíocht don scoil ar fad, lena n-áirítear cláir ama chuí agus treoraíocht maidir le sceidealú CMBanna, chun Aidhm na sonraíochta a bhaint amach go hiomlán.

## Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

### Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go han-mhaith le dréachtsonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha den tsonraíocht. Rinne an mheitheal forbartha neart plé maidir leis an aiseolas a fuarthas agus iad ag tabhairt na sonraíochta i gcrích. Áiríodh sa phlé sin:

- Cinntiú go mbíonn an tsonraíocht ciallmhar, inrochtana agus struchtúrtha go soiléir.
- Dul i ngleic le húdair imní maidir lena mhéid is féidir an Aidhm a bhaint amach i ndáiríre, go háirithe nuair a bhíonn an baol ann go n-éireodh an fhoghlaim rótheoiriciúil nó dírithe an iomarca ar an deasc.
- Soiléiriú ar ionchais maidir le gníomhaíocht choirp, go háirithe i ndáil leis an líon gníomhaíochtaí ba cheart do scoláirí a dhéanamh, a mhéid ba cheart dóibh tabhairt fúthu, agus an chothromaíocht idir feidhmíocht agus rannpháirtíocht.
- Cinntiú go gcuirtear ról na feidhmíochta in iúl ar bhealach a thacaíonn le heispéiris foghlama ionchuimsitheacha scoilbhunaithe in ionad brath ar rannpháirtíocht sheachtrach i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil.
- Athbhreithniú ar na torthaí foghlama lena chinntiú go mbíonn na hionchais soiléir, agus béim shonrach ar úsáid na mbriathra gnímh seasmhacha córasacha chun tacú le tuiscint agus feidhmiú praiticiúil sa seomra ranga.
- Ailíniú idir an Réasúnaíocht, an Aidhm, na snáitheanna, na torthaí foghlama agus comhpháirteanna measúnaithe a choinneáil.
- Cinntiú go mbíonn ionchais shoiléire, formáidí inbhainistithe, agus treoraíocht chuimsitheach ann don CMB, agus go mbíonn an CMB inbhainte amach agus cothrom.

- Údar machnaimh ar thacaíochtaí cuí don chur i bhfeidhm.

## Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht na ndaoine sin a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas a fuarthas. Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar an dréachtsonraíocht, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad acmhainní cothroma, agus ionchais shoiléire sholúbtha maidir le measúnú le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil.

# Tagairtí


An Roinn Oideachais (2022) Cothromas agus Sármhaitheas do Chách

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a) Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach | CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022b) An Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis Phoiblí Beartas um Shonraí Oscailte CNCM | CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a) Straitéis Taighde 2023 - 2026 https://ncca.ie/media/6273/cncm_straitéistaighde_2023-2026.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023b) Beartas Cosanta Sonraí, Baile Átha Cliath, CNCM Beartas Cosanta Sonraí | CNCM

# Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Aighneachtaí scríofa:

- An Chomhairle Oidhreachta
- Cumann Corpoideachais na hÉireann (PEAI)

Daoine a d'fhreagair an suirbhé ar líne:

- Aga
- Conor Doherty
- Ann O'Gara
- Eleanor Whyte
- Eoghan O'Malley
- Gerard O'Callaghan
- Ms Walsh
- Clara Mulvenna
- Karen McMullan
- Paul Malone
- Ciara Dullaghan
- Raymond Naughton
- Pauline Della Chiesa
- David Gannon
- James Fox
- FBrennan
- Gerard Byrne
- Deirdre Colfer
- G Smyth
- Alan Dineen
- Vivienne O'Neill
- David Cullen
- Eoghan Mullen
- Elaine Mullen

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment